

Údarás Pleanála Treoir um Ghnáthóga
Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí Ráiteas Cinnidh
don dá thionscadal mholta seo a leanas i gCathair Saidhbhín, Co. Chiarraí

- 1. An Tionscadal um Fheabhsú Ríocht Phoiblí Chathair Saidhbhín.**
- 2. Tionscadal Scéim Feabhsúcháin Dromchla Bóthair an N70 ó Chathair Saidhbhín go hEochair Mong**

Céim I Ráiteas Scagtha le haghaidh Measúnacht Chuí


Cinneann Comhairle Contae Chiarraí mar Údarás Inniúil nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag na tionscadail mholta, ina n-aonar, agus i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile ar Láithreán Eorpach (Natura 2000), agus mar sin, ní theastaíonn Measúnacht Chuí Chéim 2/Ráiteas Tionchar Natura.

Meastar go bhfuil measúnú cothrom agus réasúnta sa Tuarascáil Scagtha AA a d'ullmhaigh an tAonad Measúnachta Timpeallachta ar an dóchúlacht go mbeidh tionchar suntasach ag forbairtí ar láithreáin Eorpacha. Glactar leis an measúnacht sin mar mheasúnacht Chomhairle Contae Chiarraí. Tugtar faoi deara go bhfuil eisiámh na n-éifeachtaí suntasacha dóchúla bunaithe go hiomlán ar fhaisnéis oibiachtúil agus nach bhfuiltear ag brath ar aon bhearta atá beartaithe chun tionchair ar Láithreáin Eorpacha a laghdú nó a sheachaint.

Cúiseanna leis an gCinneadh

- Tá suíomh na n-oibreacha molta laistigh de theorainneacha uirbeacha Bhaile Chathair Saidhbhín agus a bhóithre isteach agus tá siad bainte go tíreolaíoch de Láithreáin Eorpacha,
- Tá nádúr na n-oibreacha arb ionann iad agus forbairt uirbeach agus oibreacha athnuachana agus uasghrádaithe bonneagair, atá measartha beag ó thaobh scála agus a bheadh céimnithe agus gearr i bhfad agus a mbeadh oibreacha teoranta tochailte i gceist leo ag aon suíomh ar leith,
- Níl aon fhéidearthacht réalaíoch ann go gcuirfí isteach ar Speicis Leasanna Cáilitheacha nó ar Speicis Leasanna Speisialta Caomhantais, ag céim na tógála nó ag an gcéim oibriúcháin,
- Meastar go bhfuil an baol truaillithe uisce íseal agus d'ainneoin aon truaillithe den sórt sin a d'fhéadfadh teacht chun cinn bheadh sé scaipthe go tapa ar shroicheadh na n-uiscí inbhir glactha gan aon tionchar suntasach / féideartha orthu siúd,
- Ní bheadh aon chailteanas ná díghrádú suntasach ar ghnáthóg Eorpach (Natura 2000) nó ar ghnáthóg atá nasctha ó thaobh feidhme de,
- Ní bheadh aon tionchar suntasach díreach nó indíreach ar ghnáthóg cháilitheach nó ar speicis cháilitheacha a bhaineann le láithreáin Eorpacha (Natura 2000) mar thoradh ar an togra,
- Easpa éifeachtaí suntasacha comhcheangailte a eascraíonn as bearta eile atá molta agus ceadaithe sa chomharsanacht.

Sínit
he


Paul Neary
Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí óir SePleanáil, Comhshaol agus

Bainistíocht Éigeandála

Dáta:

14/11/25

Údarás Pleanála
Réamhscagadh Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta Ráiteas Tátail
don dá thionscadal mholta seo a leanas i gCathair Saidhbhín, Co. Chiarraí

- 1. An Tionscadal um Fheabhsú Ríocht Phoiblí Chathair Saidhbhín.**
- 2. Tionscadal Scéim Feabhsúcháin Dromchla Bóthair an N70 ó Chathair Saidhbhín go hEochair Mong**

Ráiteas Tátail ar Réamhscagadh Measúnachta Tionchair Timpeallachta

Is é tátail Comhairle Contae Chiarraí ná go bhfuil na tionscadail seo, ina n-aonar, agus i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile, nach cinn iad a dteastaíonn MTT nó Scagadh MTT uathu. Meastar go bhfuil measúnú cothrom agus réasúnta ar na moltaí sa Réamhscagadh MTT a d'ullmhaigh an tAonad Measúnachta Timpeallachta Glactar leis an measúnacht sin mar mheasúnacht Chomhairle Contae Chiarraí.

Cúiseanna leis an Tátail


- Tá an togra (comhcheangailte) cuid mhaith faoi bhun thairseacha riachtanacha ábhartha MTT.
- Níl aon éifeachtaí carnacha nó comhcheangailte féideartha ann ar dócha go n-eascróidh siad.
- Níl fíordhóchúlacht ann go n-eascróidh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol

ó na forbairtí atá beartaithe.

- Nádúr agus scála na moltaí agus a suíomh laistigh de agus

ag druidim leis an timpeallacht uirbeach reatha nó Cathair Saidhbhín agus go mór mór laistigh de theorainneacha na ríochta poiblí/spáis bóthair atá ann cheana féin agus gan conair réalaíoch le haghaidh tionchair ar aon suíomh nó gné íogair.

Sínithe:


Paul Neary
ices / Stu

Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí, Pleanáil, Comhshaol
agus Bainistíocht Éigeandála

Dáta:

14/11/23